C/2025/5738

23.10.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12131 — AXA / NEURONE / PRIMA)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/5738)

1. An 13 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AXA Group ('AXA', an Fhrainc), atá faoi rialú na cuideachta poiblí teoranta AXA S.A. (an Fhrainc),

— Neurone Capital Limited ('Neurone', an Chipir),, atá faoi rialú duine phríobháidigh,

— PRIMA Assicurazioni S.p.A ('Prima', an Iodáil), atá faoi rialú comhpháirteach Carlyle Group Inc (na Stáit Aontaithe), cistí arna moladh ag cleamhnaithe Blackstone Inc (na Stáit Aontaithe) agus The Goldman Sachs Group (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh AXA agus Neurone rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Prima ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda árachais agus bainistíochta sócmhainní é AXA,

— Is cuideachta infheistíochta é Neurone,

— Is idirghabhálaí árachais neamhshaoil é Prima a oibríonn san Iodáil, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12131 — AXA / NEURONE / PRIMA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË